

# CRÍOS MUIRE DO CHRÍOS

Nuair a bhíos bean go dona i dtinneas clainne an phaidir seo a rádh ina cluais dheas in ainm Íosa, Mhuire, agus Naomh Seosamh.

Críos Mhuire do chríos  
Críos na gceithre gcros  
Crois ar geineadh Críost  
Críost a geineadh as

Muire faoi thumba Chríost  
Breathnuigh Muire ar a gualainn dheas  
“Fóir an bhean, a mhic, atá in arraingtí an bháis”  
“Fóir féin í a mháthair, ós ar do láimh atá  
baiste a thabhairt don leanbh agus an bhean a thabhairt slán.”

A bhean beir do leanbh  
Mar a rug Áine Muire  
Agus mar a rug Muire Dia  
Mar a rug Isibéal Eoin Baiste  
Gan martrughadh gan doiligh  
Gan easbadh coise ná láimhe

9/9/31

A Íosa Críost a chuir brigh ins an tsacraiméid  
A leigheas na mílte a théigheas a lámha i bpéin  
A Íosa leig braon de do ghrásta ar mo chroidhe  
A' leigheas gach nídh olc dá ndearna mé.

9/9/31

Na trí paidreacha chuaidh seach  
A chuir Muire faoi n-a mac  
Agus a chuir Brighid faoi n-a brat\*  
A chuir Micheál faoina sgiath  
Agus Dia faoina neart  
Gár sábháilt ar an sluagh sidhe  
Ar ghaoth na gcnoc  
Ar an tuinn bháidhte  
Agus ar sgannal saoghalta

9/9/31

\*nuair a sgar Brighid a brat ar Chill Dara

10/1/34